Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2019**
**(OR. en)**

**5152/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0229 (COD)**

**ECOFIN 17**
**UEM 8**
**CODEC 48**
**CADREFIN 6**
**COMPET 20**
**ENER 7**
**TRANS 5**
**ENV 19**
**EF 6**
**EDUC 9**
**TELECOM 6**
**CULT 10**
**FSTR 1**
**AUDIO 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/an Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár InvestEU<br>- Nóta Saincheisteanna ón Uachtaránacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo nóta saincheisteanna ón Uachtaránacht maidir le InvestEU.

# NÓTA SAINCHEISTEANNA ÓN UACHTARÁNACHT

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 6 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár InvestEU[1].

2. Tá scrúdú déanta ar an togra ag an Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais ag 13 chruinniú go dtí seo, agus pléadh é ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí ECOFIN i Vín ar an 8 Meán Fómhair 2018. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht go dtí seo, measann an Uachtaránacht go bhfuil tacaíocht ghinearálta ann don mholadh 14 ionstraim airgeadais a shruthlíniú in aon chlár amháin, rud a chuirfeadh leis an taithí dhearfach a fuarthas ón gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS). Tacaíonn toscaireachtaí leis an rochtain ar ráthaíocht an Aontais a oscailt d'institiúidí airgeadais eile seachas do Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) amháin.

3. Tá dul chun cinn déanta sa chaibidlíocht le leagan amach comhpháirtíochta idir an Coimisiún agus Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta i gclár InvestEU. Léirítear sa chomhpháirtíocht atá molta ról lárnach BEI agus áirithítear inti go mbainfear lán tairbhe as an saineolas atá aici, mar shampla trí chúram an mheasúnú riosca ar leibhéal na punainne de ráthaíocht an Aontais a chur ar BEI.

4. D'ainneoin sin, tá dhá phríomh-shaincheist a d'aithin an Uachtaránacht leagtha amach thíos a lorgaítear comhairle ó na hairí ina leith ionas go mbeidh toradh rathúil ar chaibidlíocht na Comhairle.

## IIa. PRÍOMH-SHAINCHEIST 1: RIALACHAS

5. Sa togra uaidh le haghaidh rialachas an chláir InvestEU, tá cur chuige eile ag an gCoimisiún seachas mar a bhí agus CEIS á bhunú agus é sin i bpáirt chun léiriú a thabhairt ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe cur chun feidhme eile seachas BEI. Áirítear difríochtaí tábhachtacha sa struchtúr rialachais do chlár InvestEU atá beartaithe, i gcomparáid le CEIS, tabharfar isteach foireann tionscadail agus foireann chomhairleach in dhá fhoirmíochtaí (ceann amháin le hionadaithe na mBallstát, agus ceann eile le hionadaithe na gcomhpháirtithe cur chun feidhme). Murab ionann is CEIS, ní fheictear leis an togra ón gCoimisiún aon bhord stiúrtha don chlár InvestEU.

[1] ST 9980/18 + ADD 1-6

6. Tá roinnt mhaith toscaireachtaí ag cur i gcoinne thogra an Choimisiúin chun an clár InvestEU a chur ar bun, rinne siad an argóint go mbeadh an struchtúr rialachais atá beartaithe róchasta. Ina theannta sin, ba mhaith le toscaireachtaí tógáil ar thaithí dhearfach CEIS, agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt don ról atá ag na comhpháirtithe cur chun feidhme eile seachas BEI.

7. I bhfianaise na mbreithnithe sin, tá na toscaireachtaí den tuairim nár ghá foireann tionscadail a chur ar bun, agus go bhféadfadh an coiste infheistíochta agus a rúnaíocht na cúraimí sin a ghlacadh chucu. D'aontaigh na toscaireachtaí chomh maith go bhféadfaí an bord comhairleach a shimpliú trí fhoráil a dhéanamh d'aon chomhdhéanamh amháin ina mbeadh ionadaithe na mBallstát agus ionadaithe ó na comhpháirtithe cur chun feidhme araon.

8. Ina theannta sin, chuir na toscaireachtaí in iúl gur mian leo bord stiúrtha a thabhairt isteach amhail rialachas bhord stiúrtha CEIS. Agus aird á tabhairt ar rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe cur chun feidhme nach de BEI atá rannpháirteach i gclár InvestEU cheana féin, ba cheart go mbeadh ionadaíocht ag na comhpháirtithe cur chun feidhme eile sin ar an mbord stiúrtha, i dteannta an Choimisiúin agus BEI. Aontaíonn na toscaireachtaí gur cheart sainordú bhaill an bhoird stiúrtha a ailíniú le ré an chreata airgeadais ilbhliantúil. Ba cheart go léireodh na módúlachtaí vótála agus comhdhéanamh an bhord stiúrtha ról tábhachtach an Choimisiúin i mbun stiúrtha an chláir, chomh maith le ról BEI mar phríomh-chomhpháirtí atá freagrach as cur chun feidhme 75 % de ráthaíocht an Aontais.

9. Leag na toscaireachtaí béim ar a thábhachtaí is atá neamhspleáchas an choiste infheistíochta agus a rúnaíochta.

➢ An aontaíonn na hairí go léiríonn an rialachas mar atá sé molta an chothromaíocht cheart agus gur cheart leanúint leis an obair ar an leibhéal teicniúil ar an mbonn sin?

**IIb. PRÍOMH-SHAINCHEIST 2: LEITHDHÁILEADH RÁTHAÍOCHT AN AONTAIS AR CHOMHPHÁIRTITHE CUR CHUN FEIDHME EILE SEACHAS BEI (25 %)**

10. Nuálaíocht sa chlár InvestEU i gcomparáid le CEIS a chuaigh roimhe is ea go bhfuil rochtain dhíreach ag comhpháirtithe cur chun feidhme eile ar ráthaíocht an Aontais seachas BEI amháin. Forchoimeádtar 25 % de ráthaíocht an Aontais do chomhpháirtithe cur chun feidhme den sórt sin. An réasúnaíocht a bhaineann leis an rochtain níos leithne seo iarrachtaí BEI a chomhlánú iarracht fóirithint ar áiteanna a fheictear a bheith níos laige nó thíos faoi tar éis taithí CEIS.

11. Feictear le togra an Choimisiúin go n-áiritheofar go gcomhlíontar roinnt critéar agus comhpháirtithe cur chun feidhme á roghnú, lena n-airítear an t-éagsúlú geografach agus réitigh nuálacha airgeadais agus riosca a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar chlistí sa mhargadh agus ar staideanna infheistíochta fo-optamacha. Mar sin féin, d'fhonn a áirithiú go mbeidh an leas a bhaintear as an ráthaíocht InvestEU cothrom, go geografach agus go hearnálach agus ó thaobh rannpháirtíocht banc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagtha (BINS) agus méid na dtionscadal chomh maith, níor mhiste tuilleadh plé a dhéanamh ar leithdháileadh an 25 %. Is éard atá ag croílár togra ón gCoimisiún go mbíonn leithdháileadh ráthaíocht an Aontais dírithe ar an éileamh, d'fhéadfadh treoirphrionsabail bhreise cur leis an gcur chuige sin le go bhféadfaí sáriarracht a dhéanamh freastal ar Bhallstáit nach bhfuil na hearnálacha airgeadais chomh forbartha iontu agus a d'fhéadfaidís a bheith.

12. D'fhéadfaí cosaintí breise a chur isteach lena áirithiú go rachadh an rochtain dhíreach chun tairbhe líon mór comhpháirtithe cur chun feidhme, go mbeidh leas fónta leis i ndáil le cumhdach geografach agus nach mbeadh sé ina ionstraim comhchruinnithe.

13. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil tacaíocht fhorleathan ann ráthaíocht an Aontais a scaoileadh de réir a chéile le comhpháirtithe cur chun feidhme eile seachas BEI amháin.

➢ Cad iad na prionsabail dár leis na hairí ar cheart cloí leo agus an 25 % de ráthaíocht an Aontais do chomhpháirtithe cur chun feidhme á dháileadh?

## III. CONCLÚID

14. I bhfianaise an méid sin, tugtar cuireadh don Chomhairle:

- tuairimí a mhalartú maidir leis na hábhair a leagtar amach thuas d'fhonn treoir pholaitiúil a thabhairt maidir leis an obair bhreise a dhéanamh;
- sainordú a thabhairt do Mheitheal na gComhairleoirí Airgeadais leanúint den scrúdú ar an togra d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta a luaithe agus is féidir.

romania2019.eu
Romanian Presidency of the Council of the European Union